Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**14064/20**

| | |
|---|---|
| **HYBRID 47** | **EDUC 444** |
| **DISINFO 48** | **AUDIO 63** |
| **AG 70** | **DIGIT 153** |
| **PE 106** | **INF 223** |
| **DATAPROTECT 152** | **COSI 251** |
| **JAI 1112** | **CSDP/PSDC 643** |
| **CYBER 279** | **COPS 480** |
| **JAIEX 120** | **POLMIL 199** |
| **FREMP 147** | **IPCR 50** |
| **RELEX 1010** | **PROCIV 97** |
| **CULT 89** | **CSC 362** |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13626/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an athléimneacht a neartú agus cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear bréagaisnéis i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí thuasluaite ón gComhairle, a d'fhormheas an Chomhairle tríd an nós imeachta i scríbhinn an 15 Nollaig 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an athléimneacht a neartú agus cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear bréagaisnéis i gcomhthéacs phaindéim COVID-19**

1. Meabhraíonn an Chomhairle na conclúidí ábhartha ón gComhairle Eorpach[1] agus ón gComhairle[2], agus aithníonn sí go cuireann paindéim COVID-19 chun suntais an gá atá le hiarrachtaí treisithe agus le tionscnaimh leanúnacha chun an tAontas Eorpach, a Bhallstáit agus a sochaithe agus Institiúidí an Aontais a chosaint ar bhagairtí hibrideacha agus ar na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann leo. Gan dochar don fhreagracht atá ar na Ballstáit amháin i gcúrsaí slándála náisiúnta, tugann an Chomhairle an méid seo a leanas dá haire:
   - is dúshlán méadaitheach do shlándáil, do chobhsaíocht agus do chomhluachanna agus comhphrionsabail an Aontais iad na bagairtí hibrideacha;
   - bíonn sé d' aidhm ag gníomhaithe naimhdeacha, idir ghníomhaithe ar stáit iad agus ghníomhaithe nach stáit iad,uirlisí neamhghnásúla a úsáid d’fhonn cur isteach ar dhaonlathais agus institiúidí daonlathacha, an bonn a bhaint díobh nó iad a dhídhlisteanú, cur isteach ar phróisis toghcháin, pobail a dheighilt nó síneadh a chur lena dtionchar ceilte i gcoitinne;
   - le teicneolaíochtaí agus géarchéimeanna nua amhail an phaindéim reatha, cuirtear deiseanna ar fáil do ghníomhaithe naimhdeacha a ngníomhaíochtaí cur isteach a leathnú, agus is dúshlán breise iad do na Ballstáit agus d’Institiúidí an Aontais sa bhreis ar an ngéarchéim féin.

2. Ní mór dúinn na sochaithe agus institiúidí daonlathacha atá againn a chosaint ar [...] bhagairtí hibrideacha a thionscnaíonn gníomhaithe naimhdeacha, idir ghníomhaithe ar stáit iad agus ghníomhaithe nach stáit iad. Chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí den sórt sin, lena n-áirítear cibirghníomhaíochtaí mailíseacha, bréagaisnéis agus bagairtí ar an tslándáil eacnamaíoch, tá gá le cur chuige cuimsitheach lena ngabhfaidh comhar agus comhordú dea-fheidhmiúil.

---

[1] Go háirithe, na conclúidí ón gComhairle Eorpach, Meitheamh 2019, Márta 2019, Nollaig 2018, Deireadh Fómhair 2018, Meitheamh 2018, Márta 2018, Meitheamh 2015 agus Márta 2015.

[2] Go háirithe, ST 14972/19, ST 10048/19, ST 6573/1/19 REV1, ST 10255/19, ST 12836/19, ST 7928/16.

Ar leibhéal an Aontais, ba cheart go n-áireofaí leis sin acmhainneacht anailíse uathrialach, inniúlachtaí teicneolaíocha feabhsaithe, agus tosaíocht a thabhairt don fhócas ar acmhainní airgeadais agus daonna agus d'athdháileadh na n-acmhainní sin. Aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta i ndáil le cur chun feidhme an Chreata Chomhpháirtigh maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha agus na Teachtaireachta Comhpháirtí maidir le hathléimneacht agus cumais boilscithe a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí hibrideacha chomh maith leis an bPlean Gníomhaíochta i gcoinne na bréagaisnéise,an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le bréagaisnéis COVID -19 agus an Pacáiste do thoghcháin Eorpacha a bheidh saor agus cóir, i gcomhréir leis na Conclúidí ábhartha ón gComhairle agus ón gComhairle Eorpach. Iarrann an Chomhairle ar na geallsealbhóirí uile lena mbaineann cur lena n-iarrachtaí agus tacú le cur chun feidhme na spriocanna a shainítear sna doiciméid thuasluaite.

3. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit i mbaol ó bhagairtí hibrideacha de bharr phaindéim COVID-19, lena n-áirítear trí leathadh treisithe na bréagaisnéise agus cur isteach ionramhálach. Tá na hiarrachtaí ag éirí níos sofaisticiúla agus tá siad ag dul i méid. Aithníonn an Chomhairle gur cur chuige ildisciplíneach ilgheallsealbhóra é cur chuige an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí an méid seo a leanas a dhéanamh:

   - na freagairtí a fheabhsú a thuilleadh ar leibhéal an Aontais, agus an damáiste eacnamaíoch agus sochaíoch á chur san áireamh, chomh maith leis an dochar a d'fhéadfadh a bheith ann don tsláinte phoiblí, a dhéantar de bharr na bréagaisnéise agus na húsáide urchóidí a bhaintear as teicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear an intleacht shaorga ach gan a bheith teoranta di;
   - cur chuige iomlánaíoch córasach réamhghníomhach a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na feiniméin, go háirithe ag aithint, i gcomhthéacs bagairtí hibrideacha, gur dúshlán trasearnála í an cur isteach eachtrach, ar cheart é a léiriú in iarrachtaí an Aontais agus na mBallstát aghaidh a thabhairt air, ó bhearta coisctheacha, brath, cáiliú agus sainaithint na foinse, go freagairtí beartais leordhóthanacha agus éifeachtacha lena bhféadfaí costais a fhorchur ar ghníomhaithe naimhdeacha eachtracha, idir ghníomhaithe stáit agus ghníomhaithe nach stáit iad, trí athléimneacht shochaíoch a chothú, sláine na díospóireachta poiblí agus modhanna eile a chosaint.

Chun na críche sin, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar Institiúidí ábhartha an Aontais agus tathantaíonn sí ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí, i gcomhar leis na Ballstáit, leanúint de Thascfhórsaí na Cumarsáide Straitéisí de chuid SEGS a neartú tuilleadh agus an Córas Mear-Rabhaidh a fhorbairt d'fhonn ardán cuimsitheach a fhorbairt do na Ballstáit agus d'Institiúidí an Aontais. Ina theannta sin, agus i gcomhréir lena conclúidí ó mhí na Nollag 2019, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí measúnú a dhéanamh ar na riachtanais agus ar na deiseanna atá ann a mhéid a bhaineann lena ghníomhaíochtaí cumarsáide straitéisí a neartú i ngach limistéar geografach eile ar bhealach cothrom, chomh maith le gníomhaithe hibrideacha nua atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh, gníomhaithe a ghabhann do ghníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh slándáil an Aontais agus/nó a Bhallstát a chur i mbaol, agus an cumas is gá á choinneáil ag an am céanna chun na cúraimí straitéiseacha cumarsáide atá ann cheana a chur i gcrích.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle an Measúnú ar chur chun feidhme agus ar éifeachtacht an chóid chleachtais maidir le bréagaisnéis[3]. Aithníonn sí an dul chun cinn atá déanta agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sa chód cleachtais a sainaithníodh sa mheasúnú. Measann sí go bhféadfaí réimse cur chuige éagsúil a bheith mar bhealach chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear go bhféadfaí creat rialála nó comhrialála a bheith ann mar aon leis na modhanna is gá le go mbeadh rialtóirí agus an tsochaí shibhialta in ann iniúchadh neamhspleách a dhéanamh, go háirithe ó thaobh rochtain ar shonraí de. Ar an mbonn sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tuilleadh ceanglas trédhearcachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh ardáin ar líne. Bheadh sé d'aidhm ag na ceanglais sin réimse poiblí digiteach dea-fheidhmiúil, cuntasacht níos fearr agus trédhearcacht fheabhsaithe a chothú maidir le haghaidh a thabhairt ar bhréagaisnéis. Ba cheart na bearta sin a bhunú ar phríomhacht na gceart bunúsach, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, mar aon le dioscúrsa poiblí daonlathach. Is díol sásaimh don Chomhairle gur bunaíodh an Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha i mí an Mheithimh 2020, agus cuireann sí i dtreis an gá atá le bearta breise chun tacú leis an litearthacht sna meáin agus leis an litearthacht dhigiteach do gach aoisghrúpa, chomh maith le hiolrachas sna meáin, neamhspleáchas na meán agus seiceáil fíricí, d'fhonn ár sochaithe a chumasú chun cur i gcoinne na bréagaisnéise agus rioscaí eile a chumasaítear agus a mhéadaítear le teicneolaíochtaí nua.

---

[3] Measúnú ar an gcód cleachtais maidir le bréagaisnéis - a bhfuil bainte amach agus na réimsí ar a bhféadfaí tuilleadh feabhais a chur, 10 Meán Fómhair 2020.

5. Tugann an Chomhairle dá haire an Plean Gníomhaíochta um dhaonlathas Eorpach ón gCoimisiún agus scrúdóidh sí an t-ábhar ann go cúramach agus fillfidh sí ar an tsaincheist sna míonna amach romhainn.

6. Chun déileáil le bagairtí hibrideacha tá gá le feasacht staide chuimsitheach (lena n-áirítear an cumas na bagairtí sin, a bhfoinse san áireamh, a bhrath, a shainaithint agus a anailísiú), agus tá gá freisin leis an athléimneacht a neartú agus le bearta chun na bagairtí sin a chomhrac. Chuige sin, beidh gá le gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta i gcomhar le comhpháirtithe, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach agus úinéirí agus oibreoirí bonneagair chriticiúil agus seirbhísí criticiúla.
   Tugann an Chomhairle dá haire an obair atá déanta ag an gCoimisiún i gcomhar leis an Lárionad Barr Feabhais Eorpach um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha ar *The Landscape of Hybrid Threats: A Conceptual Model* [Timpeallacht na mBagairtí Hibrideacha: Samhail Choincheapúil][4]. Aithníonn sí a thábhachtaí atá sé bagairtí hibrideacha agus an téarmeolaíocht ghaolmhar a choincheapú chun iad a shainaithint d'fhonn comhleanúnachas a fheabhsú idir bearta Eorpacha agus bearta náisiúnta agus chun feabhas a chur ar an athléimneacht agus chun bagairtí hibrideacha a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí agus níos cuíchóirithe. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí leanúint dá gcuid oibre agus an tSamhail Choincheapúil a fhorbairt, bunaithe ag an gCompás Straitéiseach, agus i gcomhréir leis an nuashonrú ar Ghníomhaíocht 1 de Chreat Comhpháirteach 2016, agus é d'aidhm acu creat a dhéanamh di le haghaidh freagairtí, bearta athléimneachta agus táscairí gaolmhara athléimneachta, agus cás-staidéir mar thaca léi.
   Thairis sin, d'fhéadfaí féachaint ar an tsamhail seo mar uirlis threorach chun tionscnaimh a fhorbairt amach anseo i ndáil le bagairtí hibrideacha ar an leibhéal Eorpach agus d'fhéadfadh na Ballstáit í a chur san áireamh agus struchtúir agus tionscnaimh náisiúnta á bhforbairt acu. D'fhéadfadh an obair sin freisin rannchuidiú le hanailís a dhéanamh ar fhreagairtí comhordaithe agus cuimsitheacha ar ghníomhaíochtaí hibrideacha, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus an raon iomlán uirlisí a d'fhéadfaí a úsáid á chur san áireamh.

[4] Giannopoulos, G., Smith, H., Theocharidou, M., *The Landscape of Hybrid Threats: A conceptual model*, an Coimisiún Eorpach, Ispra, 2020, PUBSY Uimh. 117280.

7. Tugann an Chomhairle dá haire Straitéis 2020 an Choimisiúin maidir le hAontas Slándála, ina mbeartaítear cur chuige nua, níos réamhghníomhaí a fhorbairt chun bagairtí hibrideacha a chomhrac. Tugann an Chomhairle dá haire na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh maidir le hardán ar líne srianta a chruthú mar fhoinse thagartha do na Ballstáit i ndáil le huirlisí agus bearta frith-hibrideacha ar leibhéal an Aontais. Aontaíonn an Chomhairle leis an bhfócas ar chúrsaí hibrideacha a phríomhshruthú isteach sa cheapadh beartais, agus béim bhreise á cur ar an ngá le cur chuige uile-rialtais agus uile-shochaíoch ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Ina fhianaise sin ar fad, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí ról gníomhach a imirt chun dul i ngleic le leochaileachtaí uile-Eorpacha, lena n-áirítear slándáil agus athléimneacht na slabhraí soláthair mar chuid den tslándáil eacnamaíoch, agus teacht suas le tionscnaimh chun an athléimneacht a mhéadú agus feabhas a chur ar fhreagairtí de réir mar is iomchuí agus aird chuí á tabhairt ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

8. Meabhraítear don Chomhairle, bunaithe ar an anailís ar bhagairtí agus ar ionchur téamach féideartha eile, go saineoidh an Compás Straitéiseach treoshuíomhanna beartais agus spriocanna agus cuspóirí sonracha i réimse na slándála agus na cosanta, lena n-áirítear an athléimneacht a neartú agus bagairtí hibrideacha a chomhrac.

9. Tugann an Chomhairle dá haire go n-aithnítear i Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le hAontas Slándála gurb í Cill Chomhtháthaithe in aghaidh Bagairtí Hibrideacha Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh (INTCEN) an pointe fócais le haghaidh measúnuithe ar bhagairtí hibrideacha. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, in éineacht leis an gCoimisiún, tionscnaimh a ullmhú maidir leis an mbealach ina bhféadfaí, laistigh dá sainordú, rannchuidiú le sreafaí faisnéise a chuíchóiriú, le feabhas a chur ar acmhainneacht anailíse uathrialach an Aontais agus an fheasacht staide a fheabhsú i ngach réimse a bhaineann le bagairtí hibrideacha. Áirítear leis sin an t-ionchur deonach ó na Ballstáit agus an t-ionchur ó institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais a chumhdaíonn bagairtí hibrideacha. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a seasamh[5] maidir le tuilleadh feabhais a chur ar an obair a dhéanann an Chill Chomhtháthaithe in aghaidh Bagairtí Hibrideacha agus iarrann sí go gcuirfí acmhainní daonna breise agus cistiú breise ar fáil di gan dochar do na riachtanais i réimsí eile d'obair INTCEN.

[5] Conclúidí ón gComhairle maidir le hiarrachtaí comhlántacha chun an athléimneacht a fheabhsú agus chun bagairtí hibrideacha a chomhrac (14972/19)

Thairis sin, iarrann sí go bhforbrófaí acmhainneacht réamhbhreathnaitheach anailíse ar threochtaí hibrideacha chun anailís a dhéanamh ar bhagairtí hibrideacha, le béim mhór ar bhagairtí atá ann cheana féin, agus gníomhaithe hibrideacha atá ag teacht chun cinn agus a ngníomhaíochtaí mailíseacha á gcur san áireamh, lena n-áirítear iad siúd a dhíríonn ar bhonneagar criticiúil agus a úsáideann teicneolaíochtaí nua.

10. Le gach géarchéim leanúnach tarraingítear aird ar an ngá le bonneagair faisnéise shábháilte agus athléimneach idir na hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí Eorpacha agus laistigh díobh, lena n-áirítear cumarsáid shlán do na Ballstáit laistigh den Chomhairle chomh maith le malartú leictreonach tapa ar fhaisnéis rúnaicmithe. Iarrann an Chomhairle ar institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais a slándáil agus a n-athléimneacht a fheabhsú tuilleadh. I gcomhréir le conclúidí a d’eisigh an Chomhairle roimhe seo agus leis an sainordú a thug an Chomhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2019, molann an Chomhairle go láidir dóibh obair as lámha a chéile ar an gcultúr slándála a neartú a thuilleadh agus ar phearsanra, faisnéis, líonraí cumarsáide, agus próisis chinnteoireachta an Aontais a chosaint, agus tacaíocht á tabhairt ag na Ballstáit d‘institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais ina gcuid iarrachtaí.

11. Chomh maith leis an athléimneacht a fheabhsú, atá fós ar cheann de na cúraimí is tábhachtaí agus atá lárnach sna hiarrachtaí Eorpacha maidir le bagairtí hibrideacha a chomhrac, is uirlis éifeachtach Eorpach eile iad an rannpháirtíocht agus bearta taidhleoireachta. Féachfaidh an Chomhairle arís sna míonna amach romhainn ar fhreagairtí a d'fhéadfaí a thabhairt i réimse na mbagairtí hibrideacha, a bhféadfadh bearta coisctheacha a bheith i gceist leo, chomh maith le costais a fhorchur ar ghníomhaithe naimhdeacha, idir ghníomhaithe ar stáit iad agus ghníomhaithe nach stáit iad.

12. Tugann an Chomhairle dá haire gur minic gur príomhghné de bhagairtí hibrideacha iad cibirghníomhaíochtaí mailíseacha agus aithníonn sí gur céim thábhachtach é cur chun feidhme leanúnach Bhosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta an Aontais mar chéim thábhachtach chun cibirghníomhaíochtaí mailíseacha a chosc, a dhímhisniú, a dhíspreagadh agus a fhreagairt, lena n-áirítear na cibirghníomhaíochtaí mailíseacha sin ar cuid iad d’fheachtas hibrideach.

13. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá cúnamh a thabhairt do Chomharsanacht an Aontais agus do na Balcáin Thiar[6] chun athléimneacht a fhorbairt in aghaidh na bréagaisnéise agus in aghaidh cur isteach eachtrach.

14. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht an gá atá le comhar, i gcás inarb iomchuí, le comhpháirtithe a bhfuil an dearcadh céanna acu agus a bhfuil na luachanna agus na prionsabail Eorpacha céanna acu chun bearta éifeachta a fhorbairt a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar chur isteach eachtrach agus ar bhréagaisnéis.

15. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin a thábhachtaí atá sé an dá dhearbhú chomhpháirteacha maidir le comhar idir an tAontas Eorpach agus ECAT agus an tacar comhchoiteann tograí a chur chun feidhme, agus prionsabail na trédhearcachta, na cómhalartachta, na cuimsitheachta agus neamhspleáchas cinnteoireachta agus nósanna imeachta an dá eagraíocht á n-urramú go hiomlán, agus athdhearbhaíonn sí, sa chreat sin, an gá atá le comhar feabhsaithe, lena dtreiseofar a chéile agus a bheidh chun tairbhe don dá pháirtí, lena n-áirítear i dtaca le bagairtí hibrideacha agus an bhréagaisnéis a chomhrac. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí plean PACE do 2022-2023 a fhormhuiniú agus a chur chun feidhme go pras agus, sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn sí go bhfuil gá le cur chuige níos uaillmhianaí chun an athléimneacht a neartú agus sineirgí a threisiú idir an dá eagraíocht mar chéim eile i dtreo idirghníomhaíocht níos dlúithe eatarthu i gcásanna fíor-ghéarchéime. Ina theannta sin, is díol sásaimh di rannchuidiú luachmhar an Lárionaid Eorpaigh Barr Feabhais um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha i Heilsincí agus molann sí dó comhar a dhéanamh le hIonaid Barr Feabhais ábhartha de chuid ECAT.

16. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin a thábhachtaí atá rannchuidiú leanúnach mhisin agus oibríochtaí CBSC, i gcomhréir lena sainorduithe, maidir le bagairtí hibrideacha a chomhrac, lena n-áirítear an bhréagaisnéis, agus cuireann sí i dtreis a luachmhaire atá sé marana leanúnach a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh misin agus oibríochtaí CBSC aghaidh a thabhairt ar bhagairtí hibrideacha, lena n-áirítear trína n-athléimneacht féin a neartú, agus trí thacaíocht a thabhairt do na stáit óstacha sa réimse sin, i gcás inarb iomchuí agus de réir mar is iomchuí.

---

[6] Dearbhú Shágraib an 6 Bealtaine 2020: [https://www.consilium.europa.eu/media/43776/zagreb-declaration-en-06052020.pdf](https://www.consilium.europa.eu/media/43776/zagreb-declaration-en-06052020.pdf)